

ELeathanach249

Dé Luain 4 Nollaig 2016

Other Voices

Bíonn féile iontach ar siúl i nDaingean Uí Chúis gach bliain i mí na Nollag. *Other Voices* is ainm don fhéile seo. Thosaigh *Other Voices* cúig bliana déag ó shin. Bíonn ceoltóirí, filí, agus amhránaithe ag glacadh páirte san fhéile.

Tagann go leor daoine idir óg agus aosta chuig Daingean Uí Chúis don deireadh seachtaine. Bíonn na ceoltóirí ag canadh in áiteanna difriúla ar fud an bhaile. Mar shampla, Dé Sathairn bhí Stephen James Smith sa siopa *Murphy's Ice Cream*, chan Ailbhe Reddy i dTeach na Cúirte, agus chan Maija Sofia sa chaife *Bean in Dingle*.

Bhain gach duine taitneamh as an deireadh seachtaine. Bhí Imelda May agus Lisa Hannigan ag canadh sa séipéal Dé Sathairn ag 7.30 i.n. Bhí an aimsir fuar ach ní raibh sé ag cur báistí.



Tá Dún na nGall 'cool'

Tá Dún na nGall in iarthuaisceart na hÉireann. Tá clú agus cáil ar áilleacht an chontae agus ar chairdiúlacht mhuintir na háite. Freastalaíonn a lán déagóirí ar chúrsaí samhraidh i nGaeltacht Dhún na nGall.

Tá an ceol an-láidir sa chontae agus tá clú ar cheoltóirí na háite ar fud an domhain. Tá tránna geala buí ann agus sléibhte áille arda. Tosaíonn Slí an Atlantaigh Fhiáin ansin. Tá dhá ainm ar an gcontae as Gaeilge - Dún na nGall agus Tír Chonaill (ach ní thagraíonn Tír Chonaill don chontae ar fad, níl Inis Eoghain san áireamh i dTír Chonaill).

An tseachtain seo chuir iris cháiliúil idirnáisiúnta an contae ag barr an liosta d'áiteanna 'cool' an domhain le cuairt a thabhairt orthu in 2017. *National Geographic* is ainm don iris sin. Cad eile atá ar eolas agat faoi Dhún na nGall?



Tá na daoine seo ag baint taitnimh as Dún na nGall. Tá siad ag dreapadh!

An Titanic in airde arís!

An tseachtain seo tháinig Ionad an Titanic i mBéal Feirste sa chéad áit ar liosta tábhachtach eile. Bhuaigh an tIonad an chéad áit sna *World Travel Awards* don bhliain 2016. Vótáil os cionn milliún duine as 216 tír don Ionad.

Ar an liosta freisin bhí an Túr Eiffel i bPáras, Storehouse Guinness i mBaile Átha Cliath, Colosseum na Róimhe agus go leor áiteanna iontacha eile.

Tugann 3 mhilliún duine cuairt ar an Titanic gach bliain! Is cathair dheas é Béal Feirste freisin agus tá stair spéisiúil ag baint leis an gcathair. Tá margadh Nollag álainn in aice le halla na cathrach freisin. Tá bia blasta sa mhargadh Nollag!



Seo an tIonad Titanic i mBéal Feirste.